

Síolta a shábháil

Tráth Bliana

Ó Mhárta go Meitheamh.

Cuspóir

Síolta a shábháil as glasraí, torthaí agus bláthanna i ngarraí na scoile.

Ceangal trasna an Churaclaim

OSIE:

Tíreolaíocht:

Stair:

Matamaitic:

Litearthacht:

Ealaín:

An Curaclam Neamhfhoirmeálta:

Dúile beo, feasacht agus cúram imshaoil, clárú, breathnú.

Tír dúchais na bplandaí.

Stair na talmhaíochta.

Tomhais, comhaireamh, meastachán, clárú, foghlaim ghníomhach.

Scríbhneoireacht, litriú.

Líníocht, comharthaí a dhéanamh.

Discover Primary Science.



1

Sainmhíniú

Sean-nós traidisiúnta síolta a shábháil trína mbailítear síolta as barra sláintiúla na bliana seo ionas go mbíonn síolta ar fáil chun barr eile a chur an bhliain seo chugainn.

- Is cuid thábhachtach de thimthriall an dúlra ag na páistí le feiceáil é sábháil na síolta, go bhfeictear na plandaí ag teacht timpeall ar fad ón síol go dtí an planda, an t-ábhar bia agus an síol arís.
- Tá cineálacha éagsúla síolta ann. Tá plandaí ann a bhfásann an síol taobh istigh den toradh e.g. trátaí agus puimcíní, agus tuilleadh ar ó na bláthanna a fhaightear an síol e.g. meacna dearga agus cabáiste.

2

An chaoi le síolta a shábháil

- Sábháiltear síolta i gcónaí ón bplanda is treise agus is folláine.
- Triomaítear na síolta go críochnúil sula stóráiltear iad. Faightear áit atá tirim fionnuar lena dtriomú agus lena stóráil ann, má éiríonn siad tais nó te, lobhfaidh siad.
- Stóráiltear i mboscaí bróg, i mboscaí brioscaí nó i málaí páipéir iad (ná úsáidtear plaisteach ó tharla nach féidir anáilú tríd).
- Bítear cinnte go gcuirtear lipéad agus dáta leis na síolta.

3

Na hacmhainní is gá

Plandaí le síolta, ruóg, mála heiseáin, lipéid, málaí páipéir, gabhdáin, crúscaí gloine a mbíodh iógart iontu, páipéar, boscaí stórála.

4

Tionscadal taighde

Matamaitic – Cuirtear síol amháin lus na gréine agus faigh amach cé mhéad síol a bhailítear as ceann an bhláth a fhástar.

OSIE – Maidir le lus na gréine, meáitear an ithir thirim, an pota agus an síol, cuirtear an síol agus cuirtear uisce air, tráth a bhainte, fág gach rud go dtriomaíonn siad agus meáigh arís é.

Stair – Sábháil síolta i rith an ama atá caite.

Ealaín – Déantar pacáistí síl ina sábhálfar na síolta, úsáidtear cinn bláthanna triomaithe (tar éis na síolta a bhaint astu) le haghaidh tionscadail ealaíne nádúrtha, breathnaítear an pátrún ar cheann síolta lus na gréine agus fiosraítear cén chuid eile den dúlra a bhfaightear an pátrún céanna ann.

Focail le fiosrú: **TIÚBAR, SÍOLRÚ**

Áit a mbeadh breis eolais le fáil

Irish Seed Saving Association www.irishseedsavers.ie

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board




Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Síolta a shábháil

Síolta a shábháil ar lean.

Sláinte agus Sábháilteacht

Ná fághtar an grúpa. Úsáidtear na huirlisí go sábháilte. Nitear na lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.



5

Glasraí

Piseanna & Pónairí Reatha

Fághtar roinnt pónairí agus piseanna ar an bplanda gan iad a bhaint ionas go bhfásann siad go mór. Ligtear dóibh athrú go dtí dath donn, baintear den phlanda iad agus fághtar in áit shábháilte iad ag triomú. Bristear an blaosc díobh agus cuirtear na síolta i ngabhdán nach ligeann aer isteach go dtagann an t-earrach.

Gairleog

Fásann cloigín gairleoige ina mbíonn 8-12 ionga as aon ionga amháin gairleoige. Sábháiltear cloves mhóra folláine as fómhar an gharraí, fághtar ag triomú iad agus stóráiltear i mbosca nó i mála páipéir iad go dtagann an t-earrach.

Prátaí

Is é an práta féin an síol, tiúbar a thugtar air. Coinnítear na prátaí beaga nuair a bhaintear iad, ná glantar iad; ligtear don ithir triomú. Stóráiltear sa dorchadas iad in áit fhionnuar agus iad i mála páipéir nó i mála heiseáin.

Puimcíní

Baintear na puimcíní le haghaidh na samhna. Nuair a bhítear ag scríobadh an ábhair amach astu le dealbha a dhéanamh, coinnítear na síolta. Glantar go maith iad agus baintear gach lorg den phuimcín díobh. Ligtear dóibh triomú agus stóráiltear iad.

Spionáiste, ábhar sailéid, leitís agus raidis

Cuirfidh na plandaí seo ar fad ceann bláthanna amach ag deireadh an tséasúir fáis mura mbaintear iad. Lig dó teacht faoi bhláth agus beidh na síolta ansin ina gcuid den cheann bláthanna. Lig dó fás ar an bplanda agus ná baintear den phlanda é go dtí go dtosaíonn dath donn ag teacht air. Crochtar in áit te tirim é go dtriomaíonn sé. Cinn síolta beaga bídeacha iad seo uilig, ní mór cúram á mbaint amach agus iad a stóráil i ngabhdáin go dtagann an t-earrach.

Meacna & biatas

Fásann cinn bláthanna orthu an dara bliain ag fás dóibh, mar sin, fághtar cúpla planda sa talamh nuair a bhítear ag baint an fhómhair. Cuirfidh siad sin amach cinn bláthanna an bhliain dar gcionn a aibéidh ina gcinn síolta. Ligtear dóibh teach in aibíocht ar an bplanda agus ná baintear den phlanda é go dtosaíonn dath donn ag teacht air. Crochtar in áit te tirim é go dtriomaíonn sé. Cinn síolta beaga bídeacha iad seo uilig, ní mór cúram á mbaint trína gcroitheadh síos i mála páipéir donn. Stóráiltear i ngabhdáin tirime go dtagann an t-earrach.

6

Roinnt bláthanna

Calendula

Luibh leighis atá ann, is léir an ceann síolta sa ngeimhreadh. Baintear de é, fághtar ag triomú é agus stóráiltear i ngabhdán é nach ligeann an t-aer isteach.

Lus na Gréine

San fhómhar, cuirtear na páistí ag picadh roinnt de na síolta de na bláthanna is fearr a d'fhás. Seiceáiltear go bhfuil síol crua taobh istigh den eithne chrua sheachtrach crua taobh amuigh nó ní fhásfaidh siad. Fághtar an chuid eile den síol ag na héin. Pioctar an ceann agus cuirtear san fhál sceach é nó sna crainn.

Nasturtium/Lúipín/Poipíní/Sweet Pea

Is léir an ceann síolta ar na bláthanna seo san fhómhar. Pioctar an ceann síolta de in éineacht leis na páistí agus fághtar ag triomú é. Pléascann an ceann ón lúipín agus ón sweet pea nuair a bhíonn sé tirim agus bíonn na síolta le feiceáil. Tá an lúipín agus an sweet pea an-chosúil lena chéile, bítear cúramach nach meashtar le chéile iad.

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board



Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Síolta a shábháil